



Aighneacht

maidir le

Iarratas Pleanála Eoin Ó Flatharta sa Cheathrú Rua

Uimhir Pleanála: 2260610

Comhairle Contae na Gaillimhe

Iúil 2022

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo an aighneacht a chur isteach maidir le Cead Pleanála *Eoin Ó Flatharta* d'fhorbairt tithíochta sa Cheathrú Rua faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae na Gaillimhe i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht i nGaeltacht na Gaillimhe.

POBAL NA GAEILGE SA CHEATHRÚ RUA

De réir an daonáirimh 2016 tá daonra de 2,472 i Limistéir Pleanála Teanga An Cheathrú Rua. As an daonra atá sa Cheathrú Rua tá 2,212 in ann Gaeilge a labhairt, sin 89.42%. Tá sin i bhfad níos mó ná an meán náisiúnta de 39.8% mar a bheifeá ag súil le i gceantar Gaeltachta. Tá méid na cainteoirí laethúla Gaeilge 2,033, sin 82.24% de dhaonra An Cheathrú Rua. Tá cainteoirí laethúla Gaeilge mar mhóramh den daonra, is gá é sin a choinneáil, fachtóir tábhachtach chun é seo a chinntiú ná anailís a dhéanamh ar thionchar forbairtí tithíochta ar líon agus céatadán na cainteoirí laethúla seo.

De réir Eurostat bíonn 2.6 daoine ina chónaí ar a mheán i ngach teaghlach (2021)

[https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-](https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=File:Average_number_of_people_per_household,_2009_and_2021.png)

[explained/index.php?title=File:Average_number_of_people_per_household,_2009_and_2021.png](https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=File:Average_number_of_people_per_household,_2009_and_2021.png) . Leis an fhorbairt seo atá beartaithe beadh 12 aonad le tógáil. Mar sin is féidir breith a dhéanamh go mbeidh 32 duine sa bhreis le cónaí san fhorbairt seo. Tá 56 daoine luaite san iarratas pleanála, mar sin is gá don chomhairle meastacháin a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhéas ina chónaí ann.

AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

In Ailt 10 – (2) (m) luann sé san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 : ‘(m) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.’

Mar sin tá dualgas reachtúil ag an gComhairle an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht. Tá gá mar sin anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon fhorbairt nua a dhéantar sa Ghaeltacht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an fhorbairt sin ar an stad sochtheangeolaíochta sa cheantar.

SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE 2019 - 2022

I Scéim Teanga Comhairle Contae na Gaillimhe 2019 – 2022 deir sé ‘PLEANÁIL, TIMPEALLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA Is é aidhm na Rannóige Pleanála tacú le forbairt laistigh den chontae agus í a chur chun cinn ionas go mbeidh a gcuid custaiméirí ábalta cónaí i bpobail bhríomhara ina mbíonn meas ar éagsúlacht cultúir agus ina spreagtar í, ina mbeidh gach duine in ann a bheith páirteach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus ina mbeidh teacht ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus infreastruchtúir. Ar an Aonad seo freisin atá an fhreagracht oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta a chosaint tríd an bpróiseas pleanála.’

Luann sé freisin ‘Beidh coinníollacha ag gabháil le ceadanna pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh an chomharthaíocht bhuan ar fad, taobh amuigh agus taobh istigh, ar fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus caithfidh litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí. • Beidh coinníollacha ag gabháil le ceadanna pleanála tráchtála a dheonaíonn an Chomhairle lasmuigh den Ghaeltacht gur comharthaí i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheadh i ngach comhartha buan, taobh istigh agus taobh amuigh, de na forbairtí sin agus caithfidh an litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí. • Leanfar d’fhorbairtí cónaitheacha nua a ainmniú i nGaeilge mar choinníoll de chead pleanála. Beidh an fhreagracht ar choiste logainmneacha na Comhairle ainmneacha den sórt sin a scrúdú agus a roghnú de réir a théarmaí tagartha, dul i gcomhairle le Craobh Logainmneacha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta más gá agus tar éis na logainmneacha atá cheana ann, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair a bhreithniú. •

Déanfar glacadh le hainmneacha Gaeilge ar shráideanna, bóithre, gnéithe nua a chur chun cinn agus déanfar comhairliúchán cúí chun ainm sráide, bóthair etc a shainmhíniú. Is é Coiste Logainmneacha na Comhairle a bheidh freagrach as seo. • I gcás forbairtí stairiúla, ainmneacha sráide, bóithre, logainmneacha agus gnéithe geografacha, arb é díreach an litriú atá de dhifríocht idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla d’ainm agus de shráid, glacfar leis an bhfoirm Ghaeilge mar an t-aon fhoirm. I ngach cás go mbíonn dhá leagan d’ainmneacha in úsáid, is é an leagan Gaeilge a bheidh ar dtús agus in uachtar. • Bainfidh an Chomhairle úsáid as An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla agus úsáidfear é mar réamhshocrú i ngach bunachar sonraí agus comhfhreagras de chuid na Comhairle. • Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go comhlíonfaidh sí, ar a laghad ar bith, an ról íosta reachtúil agus na dualgais a thugtar di in aon reachtaíocht i ndáil leis an nGaeilge agus féachfaidh sí go seasta le dul os cionn agus níos faide ná an ról sin. m.sh. Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012 srl.’

Is gá na gnímh seo a dhéanamh maidir leis an iarratas pleanála seo.

PLEAN TEANGA AN CHEATHRÚ RUA

Tagann Pleananna Teanga ar bhonn reachtúil ó Acht na Gaeltachta 2012. Is faoin Aire Gaeltachta a cheadaítear na Pleananna Teanga.

I bPlean Teanga An Cheathrú Rua tá sé ráite ‘Tá sé tábhachtach go mbeadh sráidbhaile láidir Gaeltachta amháin ar a laghad i nGaeltacht Chonamara ina mbeadh seirbhísí oideachais, rialtais áitiúil, siopadóireachta agus sóisialta ar fáil trí Ghaeilge. Ó tharla cuid mhaith de na seirbhísí seo a bheith ar fáil cheana féin san LPT, tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus “An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara Tiar”. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí i bhfeidhm polasaí ÚnaG mar a d’fhógair an Príomhfheidhmeannach in 2013 agus “An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad thionscail na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe’.

Agus ‘Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm an polasaí teanga maidir le Ráiteas Srianta Teanga a éileamh i gcás aon fhorbairt a cheapann sé a dhéanfadh díobháil don Ghaeilge mar theanga phobail, go gcloífí leis an bpolasaí maidir le comharthaíocht i nGaeilge san LPT agus go mbeadh seirbhísí pleanála ar fáil trí Ghaeilge in Oifig na Comhairle Contae ar an gCeathrú Rua.’

Is gá an Plean Teanga agus ról an Chomhairle i leith an Phlean Teanga a thógáil san áireamh agus iarratas pleanála seo a mheas.

AN PLEAN FORBARTHA CONTAE NA GAILLIMHE 2015 - 2021

Mar go bhfuil an t-iarratas pleanála déanta roimh an 20 Meitheamh is gá don iarratas pleanála a bheith ag cloí le Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015 – 2021.

I bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015 - 2021, tá sé luaite maidir leis an nGaeltacht ‘cosaint d’oidhreacht teangeolaíochta agus cultúir na Gaeltachta lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail, nuair atá ceantar Gaeltachta i gceantar an Phlean Forbartha’

Agus ‘Aidhm Straitéiseach 8 – An Ghaeltacht An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint.’

Tá sé ráite chomh maith ‘An Ghaeltacht mar phobal labhartha na Gaeilge a chur chun cinn’

Luadh ‘Cuspóir RHO 4 – Saincheantar Tithíochta Tuaithe (Gaeltacht) Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle Tithíocht Tuaithe a éascú amuigh faoin tuath faoi réir ag na critéir a leanas: (a) Comhlíonfaidh iarrthóirí na Gaeltachta atá lonnaithe i Saincheantar 1 (Ceantar Tuaithe atá Faoi Bhrú Láidir Uirbeach – GTPS) agus Saincheantar 3 (Catagóir Tírdhreacha 3, 4 agus 5) leis na cuspóirí atá luaite i RHO1 agus RHO3 mar is iomchuí. Ceadófar d’iarrthóirí a bhfuil a dteach teaghlaigh bunúil lonnaithe ar an stráice cósta taobh thiar den Spidéal, teannadh níos gaire don chathair ach gan a bheith níos faide na 8km ón teach teaghlaigh bunúil. NÓ (b) Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go dtabharfaí aird ar chainteoirí Gaeilge a bhféadann a ninniúlacht chun Gaeilge a labhairt de réir cheanglais Chomhairle Contae na Gaillimhe a chruthú agus a bhfuil in ann a n-inniúlacht chun a bheith mar thairbhe do thraidisiún, cultúr, ealaíon, oidhreacht agus líonraí teanga Pobal Gaeltachta fuinniúil a léiriú. Baineann an breithniú seo le hiarrthóirí ar mian leo a bpríomhtheach cónaithe a bheith in ainmníochtaí tírdhreacha Aicme 1 agus 2 agus 3. Bainfidh sé le ceantair Aicme 4 chomh maith nach bhfuil suite i láithreacha sáramhairc. Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 15 mbliana a bhaineann le forbairtí ceadaithe sa chatagóir seo.’

‘Is polasaí bunúsach de chuid an stáit é an Ghaeilge a chaomhnú. Tá an pobal is láidre sa tír ó thaobh labhairt na Gaeilge lonnaithe i gCo. na Gaillimhe, idir Bearna agus Carna den chuid is mó agus Oileáin Árann san áireamh. Tá brú ollmhór ar an bpobal teanga seo ar go leor fáthanna, ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal. Tá an Ghaeltacht oifigiúil comhdhéanta de phobail dhifriúla agus aithníonn an Chomhairle go bhfuil an Ghaeilge níos láidre i bpobail áirithe seachas a chéile.’

‘10.4.2 An Ghaeltacht a Chaomhnú agus a Chur Chun Cinn sa Phróiseas Pleanála Is cuid an-bheag den tír atá sainithe mar Ghaeltacht agus caithfear í a chaomhnú agus an teanga a chur cinn. Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil an daonra tite i gcuid den Ghaeltacht. Ní cheadófar aon fhorbairt a mheasfadh an tÚdarás Pleanála go mbeadh tionchar diúltach suntasach aici ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht. Mar sin féin, tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an nGaeltacht trí bhreathnú go fabhrach ar fhorbairtí cuí laistigh den Ghaeltacht.’

‘Polasaí G 1 – An Ghaeltacht a Chaomhnú agus a Chur Chun Cinn sa Phróiseas Pleanála Tá imlíniú déanta ag an gComhairle trí Phlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 ar pholasaithe agus ar chuspóirí a dhéanann cosaint agus a spreagann oidhreacht shóisialta, chultúir agus theanga na Gaeltachta agus ag an am céanna a bhaineann leas as cumas geilleagrach agus forbartha na Gaeltachta ar bhealach cothrom agus inbhuanaitheach thar shaolré an phlean.’

‘Polasaí G 3 – An Teanga ina Sócmhainn Tábhacht gheilleagrach, shóisialta agus chultúir na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud an chontae a aithint.’

‘Cuspóir G 1 – Oidhreacht Teanga agus Chultúir na Gaeltachta Beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.’

‘Cuspóir UHO 12 – Ráitis Tionchair Teanga Éileoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuirfí Ráiteas Tionchair Teanga isteach maidir le tograí tithíochta do dhá theach nó níos mó a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltachta d’fhonn an Ghaeilge agus oidhreacht chultúir cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe a chaomhnú agus a láidriú. Beidh Clásal Feidhme Teanga a mhaireann ar feadh tréimhse 15 bhliana infheidhme d’fhorbairtí ceadaithe, ina mbeidh dhá aonad nó níos mó i gceist.’

‘Cuspóir UHO 13 – Tithíocht Uirbeach sna Lonnaíochtaí Gaeltachta Beidh forbairtí ar il-aonaid chónaitheacha (2 nó níos mó) sna lonnaíochtaí Gaeltachta faoi réir cheanglais áitiúchta agus teanga Chomhairle Chontae na

Gaillimhe chun oidhreacht chultúir agus teanga na Gaeltachta a chaomhnú lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga phobail.'

'Líon na bhforbairtí a ceadáíodh laistigh den fhoráil teangeolaíochta faoi iamh. Candam na bhforbairtí a ceadáíodh sa Ghaeltacht.'

'Cáilíocht na beatha do gach saoránach a fheabhsú agus cultúr oidhreachta na Gaeltachta a chosaint agus a neartú.'

Caithfidh an Chomhairle an Plean Forbartha Contae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus níl an fhorbairt ag teacht leis an bplean seo.

PLEAN NA GAELTACHTA

Deir sé i Arthú Uimh. 2(b) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021- Plean na Gaeltachta maidir leis an Ghaeilge 'Cuspóir DO2 – Clásal Feidhme Teanga le haghaidh Dhá Theach nó Níos Mó ar an gCeathrú Rua, ar an Spidéal agus i mBaile Chláir 1). Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar sciar d'aonaid chónaitheacha i bhforbairt ina bhfuil dhá aonad nó níos mó ar an gCeathrú Rua agus ar an Spidéal. 80% ar a laghad a bheidh sa sciar d'áiteanna cónaithe ina mbeidh clásal feidhme teanga i bhfeidhm nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, de réir an Daonáirimh fhoilsithe is deireanaí, pé acu is mó;

Is gá a chinntiú go bhfuil an coinníoll teanga leagtha síos don iarratas seo.

AN IARRATAS PLEANÁLA

In Iarratas Pleanála 2260610 Eoin Ó Flaithearta deir sé '5.8 Compliance with Galway County Development Plan 2022-2028 – Galway Gaeltacht and Islands This section of the report will briefly describe how the proposed development is consistent with the provisions of Chapter 13 of the CDP entitled "The Galway Gaeltacht and Islands". The Galway Gaeltacht is divided into 6 districts and the settlement of Carraroe is located within "District C: Ceantar na nOiléan/An Cromptán." In this regard Section 13.5.3 of the CDP reiterates the role and function of the "Small Growth Village" of Carraroe within this part of the Gaeltacht, and states that "The description of "Small Growth Villages" as outlined in the County Development Plan is that of villages that have strong settlement structures and have the potential to support additional growth offering an alternative for people to live in these villages rather than the rural countryside." In response, the proposed development is consistent within the principle of moderate additional growth within the village as a sustainable alternative to one off housing in the open countryside. A statement of compliance with relevant policy/objectives for "An Ghaeltacht" is outlined in Table 11 below. Table 11: Compliance with relevant policy objectives for An Ghaeltacht Policy Objective Ref. Policy Objective Provision Compliance GA4 Language Enurement Clause "b) A Language Enurement Clause will be applied on a portion of residential units in developments of two or more units in the remaining Gaeltacht Districts excluding District D Cois Fharraige. The proportion of homes to which a language enurement clause will be a minimum of 20% or to the proportion of persons using Irish Language on a daily basis, in accordance with the latest published Census whichever is greater. A Language Enurement of 15 years duration." The subject site is located within Gaeltacht District C. Therefore, the applicant is aware of the minimum 20% Irish Language Enurement Requirement.

5.8 Compliance with Galway County Development Plan 2022-2028 – Galway Gaeltacht and Islands This section of the report will briefly describe how the proposed development is consistent with the provisions of Chapter 13 of the CDP entitled "The Galway Gaeltacht and Islands". The Galway Gaeltacht is divided into 6 districts and the settlement of Carraroe is located within "District C: Ceantar na nOiléan/An Cromptán." In this regard Section 13.5.3 of the CDP reiterates the role and function of the "Small Growth Village" of Carraroe within this

part of the Gaeltacht, and states that “The description of “Small Growth Villages” as outlined in the County Development Plan is that of villages that have strong settlement structures and have the potential to support additional growth offering an alternative for people to live in these villages rather than the rural countryside.” In response, the proposed development is consistent within the principle of moderate additional growth within the village as a sustainable alternative to one off housing in the open countryside. A statement of compliance with relevant policy/objectives for “An Ghaeltacht” is outlined in Table 11 below. Table 11: Compliance with relevant policy objectives for An Ghaeltacht Policy Objective Ref. Policy Objective Provision Compliance GA4 Language Enurement Clause “b) A Language Enurement Clause will be applied on a portion of residential units in developments of two or more units in the remaining Gaeltacht Districts excluding District D Cois Fharrage. The proportion of homes to which a language enurement clause will be a minimum of 20% or to the proportion of persons using Irish Language on a daily basis, in accordance with the latest published Census whichever is greater. A Language Enurement of 15 years duration.” The subject site is located within Gaeltacht District C. Therefore, the applicant is aware of the minimum 20% Irish Language Enurement Requirement.’

Tá an méid 20% ró-íseal. Is gá go mbeidh 80% ar a laghad curtha in áirithe do chainteoirí Gaeilge de réir Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015 - 2021. Molann Conradh na Gaeilge diúltú don iarratas pleanála seo mar nach bhfuil sé ag cloí leis an clásal feidhme teanga.

MOLTAÍ I DTAOBH CEAD PLEANÁLA

1. Teastaíonn riachtanas sna rialacháin phleanála go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach tí bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur duine atá cáilithe go cuí a chuirfeadh le chéile í (.i. duine le cúlra nó cáilíocht sa phleanáil teanga nó sa tsochtheangeolaíocht) agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil.
2. Teastaíonn srian ar theach a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a sheasfadh ar feadh 15 bliain ar a laghad agus a choisfeadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.
3. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha. Is éard is brí leis an gcaighdeán sin:-
4. Maidir le heastáit tithíochta, is beag slí go bhféadfadh a leithéid cur le labhairt na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta A & B. Go deimhin, is dochar agus dochar as cuimse a dhéanadh a leithéid. Molaimid nach gceadófaí eastát tithíochta sa cheantar Gaeltachta A & B agus gur cheart é sin a dhéanamh soiléir i gcriosú (zónáil) na gceantar sin.
5. Ní mholaimid go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine agus maidir le tithe sa toghroinn ar aisti ó dhúchas iad.
6. Molaimid go gcaithfí le daoine a thugann an fhianaise chuí go bhfuil inniúlacht ag leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha acu amhlaidh is go raibh riachtanas áitiúil tithíochta acu gan a thuilleadh riachtanais a chomhlíonadh.
7. Tá limistéir ar imeall na Gaeltachta nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid iontu mórán agus nach raibh nuair a bronnadh stádas Gaeltachta orthu. Mura bhfuil fonn ar an bpobal na ceantair imeallacha seo a bheith san áireamh mar limistéir Ghaeltachta agus a bheith faoi réim na mbeartas thuas, ní chuirfimid ina aghaidh sin.
8. Go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeadh níos mó ná 10% de thithe a thógfáir ina thithe saoire.

CEISTEANNA FAOIN IARRATAS PLEANÁLA

- Is gá a fhiosrú an raibh saineolaí cáilithe sa tsochtheangeolaíocht a rinne an Ráiteas Tionchar Teanga sa chomhlacht sin. Mura bhfuil an té a scríobh cáilithe is gá Ráiteas Tionchar Teanga a iarraidh ó sochtheangeolaí.
- Is gá a chinntiú go bhfuil an Ráiteas Tionchar Teanga cruinn. Bhí cás cúirte Comharchumann Ráth Chairn Teoranta V An Bord Pleanála ag plé easpa cruinneas an Ráiteas Tionchar Teanga a bhí mar an phríomh fáth gur dhiúltaigh an Breitheamh cinneadh pleanála an Bord Pleanála, go deimhin bhí sé feicthe sa chás nár thóg Comhairle Contae na Mí cruinneas an Ráiteas Tionchar Teanga san áireamh ach an oiread ina chinneadh pleanála.
<https://www.casemine.com/judgement/uk/618ec0c8b50db9a0d4cba1f8>